Paipéirí Laeṫúla na hÉireann

RISTEARD Ó GLAISNE

Is cosúil nach mbeidh nuachtáin laethúla Bhaile Átha Cliath ag teacht amach go ceann tamaill fós. Beidh an Chúirt Oibre ar saoire go lár na míosa, ar ndóigh, agus tá an ráfla ann go bhfuil árachas stailce ag na nuachtáin a mhairfidh go deireadh na míosa ar a laghad.

Bheadh an phobal níos buartha faoin stailc mura mbeadh na páipéir eile go léir atá ar fáil. Ní foláir nó tá páipéir laethúla ar nós an "Cork Examiner", agus fiú an "Belfast Telegraph" agus "The Newsletter," ag déanamh lab mhór airgid breise dóibh féin ar an stailc, agus na páipéir sheachtainiúla thart faoin tír roinnt freisin, gan trácht ar na páipéir mhóra laethúla a thagann isteach ó Shasana.

Tráchtann cara liom i mBéal Feirste go magúil ar an athrú atá tagtha ar an "Newsletter" le cúpla mí anuas i litir a fuair mé uaidh inné. "The Belfast News Letter is doing a roaring Dublin trade and has now so lost the outward look of its old staid quiet days that hearts must be wrung in anguish at the change. What with weddings, Gaelic, cheery Southern news items, etc., it is almost indistinguishable in popular sloppiness from the Evening Herald."

Tá an stailc ar siúl anois ó thús mhí Iúil. Is amhras le mo chara an mbeidh an "Irish Times" ábalta é a sheasamh. Ní fheadar. Is fíor gur beag a ndíoltar den "Times" i gcomparáid leis an "Irish Independent" nó leis an "Irish Press." De réir figiúirí de mheán-chiorcalaíocht na bpáipéar sin don tréimhse a chríochnaigh Meitheamh 30, 1964, bhí 177,869 cóip den "Independent" á dhíol gach lá, 128,411 cóip den "Press", agus 35,299 cóip den "Times"—figiúir atá chomh híseal le figiúir an "Evening Echo" i gCorcaigh beagnach (33,814). Ar an taobh eile den scéal, bhí cosúlacht mhór ann roimh an stailc go raibh an "Times" ag teacht chuige féin diaidh ar ndiaidh.

Cuimhním ag chomhrá a bhí agam le Douglas Gageby, an tEagarthóir agus bainisteoir ar an chomhlacht fosta, timpeall mí Dheireadh Fómhair seo caite.

"Mar a fheicfidh tú ó thuarascáil na bliana seo, a fhoilseofar gan mhoill, tá muid ag déanamh airgid arís," ar seisean.

B'fhíor sin dó. Cé gur cailleadh £8,000 san bhliain 1963, rinneadh brabach de bhreis agus £28,000 san bhliain 1964. Ardaíodh praghas an pháipéir ó 5 ph. go dtí 6 ph. mí na Márta roimhe sin—ach arís, de réir na tuarascála, níor cailleadh ach seachtar léitheoirí ar fad dá bharr sin (Nollaig 1963: 35,306; Meitheamh 1964: 35,299).

"Bhí uair ann—agus ní chomh fada sin ó shin é—a bhféadfá leabhar maith a cheannach ar réal," arsa mise leis. "Conas atá ag éirí níos fearr libhse anois, fiú agus sibh ag gearradh réil san lá orainn as bhur bpáipéirne?"

"Toisc gur páipéar níos fearr é," ar seisean go prap.

Sílim féin gur páipéar maith agus gur páipéar spéisiúil é, ceart go leor. Ó ailt Ghaeilge Bhreandáin Uí Eithir go dtí biadán agus beachtaíocht "Backbencher" ar na polaiteoirí, tá sé beo. Géilleann a lán go mba rí-dheacair Michael Viney a shárú.

"Tá fir óga na tíre an-cheanúil air, idir fhir ghnótha atá ag déanamh go maith le tamall agus ár 'n-intleachtóirí liobarálacha,' lucht ollscoile is eile," deir Nollaig Ó Gadhra in aiste shuimiúil a bhí aige faoi na nuachtáin laethúla ar "Chomhar" an mhí seo caite. ". . . Tá tréaniarracht á déanamh ag an "Times" . . . cur leis an díolaíocht sna cathracha. Is sna bruach-bhailte nua ar imill ár gcathracha atá léitheoirí nua le buachan. Is anseo atá an Éire bheo. Éire atá an "Irish Times" ag iarraidh a mhealladh. Measaim go n-éireoidh leo." Agus, mar sin féin, tá dealramh le rud eile a deir Nollaig (agus níor mhiste do lucht an "Times" cuimhneamh air): "Bíonn alán de na scríbhneoirí is fearr sa tír ag scríobh ann, ach is minic tuairimí an-naive á nochtadh acu toisc . . . buntuiscint ar mheon mhuintir na tíre seo a bheith in easnamh."

Páipéar a chaithfidh craitheadh a bhaint as féin is ea "Scéala Eireann" (Irish Press). Tá meas ag cuid mhaith againn ar an nuachtán sin cionnas gur gnách leis seasamh náisiúnta a ghlacadh agus spás a thabhairt do nithe naisiúnta de chineál thraidisiúnta. Ach, ainneoin leagan-amach a bheith air a tharraingíonn an tsúil, níl sé ag foilsiú leath a dhóthain ábhair úr údarásach chun greim a choinneáil ar a chuid léitheoirí nó chun tuilleadh mór léitheoirí a fháil.

Le blianta beaga anuas tá feabhas mór tagtha ar an "Independent". Tá sé sin níos úire agus níos údarásaí (san chiall is fearr) ná bhí sé riamh—déanta na fírinne, ar feadh i bhfad 'bhfad 'bhfad ba phaipéar é nach raibh úr ná (san chiall is fearr) údarásach ar chor ar bith, agus corr-uair fós chuirfeadh sé na creatha fuachta ort lena chúinge. Ach níl "Scéala Éireann" sách láidir i gcoinne iomaíocht den tsórt atá á chur suas ag an "Independent" anois. Cheapfá go raibh siad ag cur chuige sin nuair a fuair siad Alec Newman, iar-Eagarthóir de chuid an "Irish Times" a scríobhann colún íontach maith, agus Walter Lippman. Ach ní leor iad sin.

Is é mo thuairim féin, áfach, gur beag a bhainfidh an stailc siar as páipéir laethúla Bhaile Átha Cliath i ndeireadh na dála. B'fhéidir go gcaillfidh an "tIndependent" agus an "Press" roinnt bheag léitheoirí i bhfíor-dheisceart na tíre atá tar éis a fháil amach anois go mbíonn nuacht as an líomatáiste sin níos iomláine ar an "Cork Examiner" ná orthu-san. Ach tá an "Cork Examiner", ainneoin go bhfuil sé feabhsaithe beagán, ró-leamh fós chun go meallafdh sé a lán léitheoirí ón "Independent," ón "Phress" nó ón "Times", creidim. B'fhéidir go gcaillfidh an "Times" dornán sean-Aontachtaithe don "Newsletter" nó do na páipéir Shasanacha, ach ní thabharfaidh sin buille an bháis dó.

f/c Frú Gerstrup,
43 Moltkesvej,
Kbenhavn F.,
An Danmhairg.

Is Glas Iad na Cnoic i bḞad Uainn

Tá an sean focal sin beagnaċ coṁ h-aosta leis an cinne daona. Do réir na h-údaraisí is san tSín a baineaḋ úsáid as sean focla sa ċéad áit, ag daoine mar Confucius mar soṁpla.

Scoláirí, cosúil leis, agus fiú aṁáin na gnáṫ daoine. Bíodar go h-aireaċ agus géar-súlaċ agus is beag rud sa nádúir nár ṫugadar fá deara agus nar bаineadar úsáid as ar ċuma éigin. Sa slí sin a ṫáinig sean focla i bḟeidm. Mar sin féin tá sé de nós againn gáire a ḋéanaṁ faoi na seanfocla seo. Mar sin, tá fios againn naċ bḟuil sa seanḟocal seo a bḟuilimid ag tráċt ar aċ leaṫ na fírinne. Aċ bíoḋ naċ gcreidimid ann, féaċ mar sin féin go nḋéanaimid beart dá réir.

Uair dá raiḃ, nuair naċ raiḃ saoirse bainte amaċ ag an tír seo, bí na daoine faoi ċáis agus gan ionta aċ sclábaí. D'éirig le líon mór díoḃ éaló go tíorta iasaċta — áit go raiḃ saoirse acu. Tá a fios ag ċáċ gur éirig go rí-ṁaiṫ leis na mílte, mílte des na h-imircí a imiġ as an tír an uair sin. Is annaṁ a bí deis aca filleaḋ ar a dtír dúċais ⁊ is iomaí duine a imiġ nár leag sul ariaṁ arís ar a ċlann, a ġaolta nó ar "Róisín Duḃ." Ins na litreaċa a scríoḃadar aḃaile ṫugadar cunntas datúil, gleoite ar tír a ġlacú. Aontaim féin láiṫreaċ go raiḃ an sean-focal seo fíor an tráṫ úd.

Aċ d'imiġ sin is ṫáinig seo. Dá ḃarr an troda, dortú fola agus an buaḋ a bí ag na laoċraí Gaeil tá ár saoirse bainte amaċ againn le beagnaċ leaṫ-ċéad bliain anuas. Níl géarġá le Gael ar biṫ dul go tír eile, ċun a mbeaṫa a baint amaċ, san. Lá atá inniu ann. Aċ mó léan géar tá cuid ṁaiṫ daoine a ṫugann áird ar an ráiteas fós. 'Sea is fíor go bḟuil an imirce ar siúl fós aċ is cosúil gur rud nádúra é sin. Cosúil leis na h-éanaċa, ní bíonn daoine sásta go deo leis an áit ina bḟuil sé.

B'éigean dúinn go léir a adṁáil gur ṫáinig an fonn orainn dul amaċ san doṁain uair éigin. Fadó, fadó, nuair naċ raiḃ súil na slí ionainn ba é an doṁan mór an gairdín beag sa ḃaile. Ċloisimis torann agus glórṫa lastall den ḃalla agus diaiḋ ar ndiaiḋ d'ḟás ionainn dúil agus díoċas ċun a ḟáil amaċ cad a bí lasmuiġ. Ṫáinig an lá, bíomar ábalta laiste an ġeata a oscailt. Amaċ linn go tapaiḋ! Cad a bí le feiscint? Iontas na n-iontas! Bóṫar fada ag síneaḋ suas is síos. An tráċt, an foṫrom! An ġluaiseaċt. na daoine go léir nar aiṫníimar. Bí saol nua ann amaċ is amaċ! Go tobann ṫárla timpist beag dúinn, agus d'ḟógraíomar don saol mór go raiḃ Maimí ag teastáil uainn. Rinneamar geallтanas naċ dtarlóḋ a leiṫeaḋ arís. An lá dár gcionn ápaċ amaċ linn arís. Ní raḃamar aċ ag leanúint an dúċais.

Ar feadh ár saol is iomaí cnoic atá le dreapaḋ againn — agus naċ glas iad! Bíonn siad cinnte go dtí go bḟuil siad bainte amaċ againn. Is ansin a bíonn an briseaḋ croí, agus an brón mór orainn. Aċ mar sin féin is dóċa gur ṁaiṫ an rud na cnoic seo a beiṫ ann. Ar an gcéad dul síos naċ dtugann siad ár ndúśláin dúinn. Rud eile, ceapaim gur leaṁ, leadranaċ é ár saol gan corrċnoic a ḃualaḋ linn ó am go h-am. Spreagann siad an ḟeasnaċt ionainn agus ansin nuair a leanaimid iad geiḃimid amaċ an fírinne. Agus an té a ḟaiġeann amaċ tré imirce, naċ bḟuil na cnoic mar a ġeallaḋ, agus naċ bḟuil sráideanna Londain agus Nua Eaḃraic páḃáilte le h-ór buí. Tá ciall ċeannaiġ aige, agus is maiṫ an tosnú é sin féin.

An bḟuil an seanfocal sin fíor nó naċ bḟuil? Is cuma liomsa ar aon nós, mar tá sé deartaiṫe agam le fada fanúint sa ḃaile im' mo tír dúċais, ar feadh mo ṡaoil go léir. Is cosúil é sin agus a rá go gcreidim an seanḟocal eile a deireann "Níl aon tinteán mar do ṫinteán féin."

Séamas Ó hUiginn, Coláiste Muire, Baile an Ṁóta, Co. Ṡligiġ.

An Líonan

Fuair Máire Bn. Uí Oireaċtaiġ, Litir Ágas colm le fáinne ar a ċois le déanaí. Ar an ḟáinne bí an uiṁir N.U.A.71116. Tá Muintir Oireaċtaiġ ag taḃairt aire don éan.

Bás

Cúis bróin sa ċeantar an scéala gur éag Seosaṁ Ó Fianaiġ ag a ċónaí féin ag Ros Duilisc. Claigeann. Báiṫeaḋ beirt driotár do, Pádraig agus Míċeál i dtubaiste an Ċlaiginn.

Sa Ċipir

Ní fada go mbiḋ an saiġdiúr singil Míċeál Mac an Rí as Baile Conḟaola sa mbaile arís taréis a ṫréiṁse seirḃíse sa gCipir le Arm na hÉireann. Bí a ḋreaṫár Marcus ar seirḃís sa Ċongo le saiġdiúirí na hÉireann.

Bí ana am sa gceantar i gcúrsaí peile le tamall anuas. Ṫáinig scata de mic léinn ó Ċluain Ṁuire ar saoire go dtí an áit agus d'imir siad gaċ foireann sa gcoṁursanaċt agus ḃuaiġ ar gaċ foireann díoḃ.

Áitiúil

Lá aṁáin bí liaiġ ag caint leis an oṫar saiḃir seo, fá'n obráid aċaiṫfeaḋ sé ḋul faoi. "Ar b'ḟearr leat," arsan liaiġ leis, "go bḟáiġfeá insteallaḋ áitiúil amáraċ?" "Is ea, gan aṁras," arsan t-oṫar leis, "caiṫfiḋ mé taca a ṫaḃairt don deaġobair atá ar siúl fá láṫair, 'ceannaiġ earraí Gaelaċa!"

Bearna

De ċairḃe coṁ holc agus bí an aimsir cuireaḋ siar beannú cuan na Gaillime agus caḃlaċ iascaireaċta ón Doṁnaċ an 21ú go dtí an Doṁnaċ seo caite, an 28ú Lúnasa. Bí an beannú ann tráṫnóna. Timpeall ⁊ sé a ċlog d'ḟág an caḃlaċ iascaiġ agus na Sagairt Doiminiceanaċ ar bord na duganna agus ṡeol siad amaċ sa ḃáiġ. Ba deas an radharc é nuair a bí an beannú ar siúl.

Bí oiread fámairí agus cuairteoirí sa gceantar seo le cúpla mí anuas go raḃ gaċ óstán agus tí lóistín lán agus gaċ eile tiġ, tiġín agus sealae glacta don séasúr. Tá gá le tuilleaḋ freastal fós do cuairteoirí sa gceantar.

Ċuaiġ 210 paisnéirí ar bord an liner Maasdam ag Gaillim ⁊ ṫáinig 100 i dtír—a bḟurṁór ón Ġearmáin. Cuireaḋ 1,000 mála litreaċ ar bord do Nua Eaḃraċ.

Oiléan Árann

Bí na sluaiṫe a ṫáinig go hoileáin Árann i mbliana níos mó na ariaṁ agus bí na tiṫe ósta ⁊ tiṫe lóistín go léir lán. Bí slua maiṫ scoláirí ar Ċoláiste Laictín in Inis Ṫiar. Is ceart méadú a ḋéanaṁ ar na tiṫe ósta agus lóistín agus le fógraíoċt agus brú is cinte go bḟéadfaí dá oiread nó trí oiread cuairteoirí a ṁeallaḋ anseo.

Ó Nua Eaḃraċ

Ar duine de na cuairteoirí a bí anseo ar fea tamall maiṫ i mbliana bí Séamas De Bláca as Nua Eaḃraċ. Ba ċainteoir líofa Gaeilge an Bláca sular leag sé cos ar ṫalaṁ na hÉireann. D'ḟoġluim sé a ċuid Gaeilge i Nua Eaḃraċ. Is síntiúsóir agus léiġteoir rialta de AMÁRAĊ é.

Iasc Gann

Tá iasc ar leiṫ a raiḃ clú mór air ag iascairí Árann ag éirí gann ins na huiscí timpeall an oileáin. Is é seo an bream, "bradan na farraige" mar tugtaí air. Ba gnáṫ leis na h-iascairí déanaṁ go maiṫ leis agus bíoḋ éileaṁ mór air i gcónaí in Iarṫar na hÉireann. Bí dúil mór ag deoraiṫe ann mar prontanas Nollag freisin.

Casla

Ar a ċéad cuairt go Conamara le 50 bliain tá Seosaṁ Mac an Iomairí as Pittsburg ⁊ as Casla. Tá sé féin agus a bean (Máire) ag taḃairt cuairt ar Éirinn agus an Eurap. Ba as Litir Calta a bean. Ċuaiġ a 4 cloinne ar aġaiḋ go hard i saol na Stát Aontaiṫe, mac, Seosaṁ ina Ḃreiṫeaṁ Cúirte Contae. Séamas atá ina ḃainisteoir Eurόipe do Ċoṁlaċt Ingersoll Rand, Riobard i bPittsburg agus iníon Caitríona Bn. Glacler. Is dreaṫár é do Seán Mac an Iomaire, Casla, agus Bríd Bn. Uí Currín, Spidéal agus colċeatar do Seosaṁ Mac an Iomaire, Co.C.

Carna

Coláiste Seosaiṁ

Tá an dá cúrsa críoċnaiṫe anois i gColáiste Ṡeosaṁ agus na scoláirí imiṫe ṫar nais aḃaile go ceiṫre arda na hÉireann aċ is cinnte naċ ndéan siad dearmad de Ċarna nó ṫug siad Ġaeilge binn blasta Carna aḃaile leo. Is mór ar fad an taoirḃe don ċeantar seo na cúrsaí seo a ṫugann na céadta scoláirí go dtí an áit agus a ṫugann saoṫrú maiṫ do luċt na dtiṫe.

Sa Ċraoḃ Ċluiċe

Coṁġáirdeaċas le foireann mionúir Cloċ na Rón atá sa Ċraoḃċluiċe i gcomórtas Iarṫar na Conoae anois.

Foireann na Gaillime

Ċuaiġ slua mór as Conamara go Baile Áṫa Cliaṫ Dia Doṁnaiġ le treisiú le Gaillim i gcoinniḃ an Dúin agus bí ard áṫas orṫa go léir gur ḃuaiġ Gaillim cé go raiḃ cluiċe crua ann agus áḃar imní agus faitíos go minic. Níl de ċeist ann anois aċ cá bḟuiġid duine ticéid don craoḃ ċluiċe.

Bóṫar Inis Niaḋ

Tá doċas ag muintir Inis Niaḋ fe deire go nḋéanfar bóṫar ceart le Inis Niaḋ a ċeangal leis an ṁórṫír. Tá cainteanna ar siúl fá láṫair fá scéim le bóṫar díreaċ a ḋéanaṁ os cionn na farraige ó'n oileán isteaċ go Cloċ na Rón. Fé láṫair is éigin do ṁuintir an oileáin dul cúig ṁíle slí le dul isteaċ go Cloċ na Rón. Ní féidir taisteal ar an tsean bóṫar le tráċt trom. Má ḋeintear an bóṫar seo ní beiḋ aċ aistear míle go Cloċ na Rón.

Bás Tubaisteaċ

Ba brónaċ tubaisteaċ mar ṫárla do Ġearóid Mac Gloinn a d'éag san Oispidéil Réagúnaċ i nGaillim de ḃarr taisme nuair a ḃuail a roṫar agus gluaisteán i gcoinniḃ a ċéile. Bí sé amuiġ leis an bposta ag an am agus bí 50 bliain seirḃíse tugṫa aige mar fear poist. Bí an adlacad i gCloċ na Rón Dia Saṫairn.

Stoirm

Rinne an stoirm doċar mór fríd Conamara an tseaċtain seo caite. Bí an gaoṫ an treán ar fad. B'éigin do ḋaoine caraḃain a tréigint agus siaḃaḋ boṫain canḃais. Ṫáinig baisteaċ trom agus tuilteaċa na ḋiaiḋ.

Litir Mór

Bí lá mór ag Rásaí na gCurraċ sa paróiste. Ó luaṫ ar maidin bí na suaiṫe ar na bóiṫre ag tarraingt isteaċ ar ionad na rásaí agus bí an scata ar fad ann roiṁ tús na gcomórtaisí. Bain gaċ duine spóirt as an lá.

Peile

D'éirig go seoiġ leis an gcomórtas peile do páistí scoile a ḃunaiġ an Garda Pádraig Ó hUalaċáin. Bí foirne ó ċuile scoil náisiúnta sa paróiste istiġ ar na comórtaisí. Taréis coimlint an géar agus mórán cluiċí bríomara bí an ḃuaiġ leis an Tráiġ Ḃán. Mairtín Ó Fuarain, príoṁoide na scoile a ṫraenáil iad agus níl sé coṁ fada sin uiliġ ó bí sé féin ag imirt go treán le foireann Ṁícil Breaṫnaċ.

Cánaḋ

Ag Cúirt Dúiċe Inis Niaḋ cánaḋ Mairtín Seoiġe (Colm) £2 as ionsaí ar Mairtín Seoiġe (Seán) 15 bliana d'aois. As Inisbearra an beirt acu. B'éigin 5 greim a ċur ann. Dúirt an Giúistis go raḃ sé aḋṁúil naċ raiḃ an scéal níos measa. Dúirt Seán Mac Giolla 'n Áta ag cosaint gur mar ġeall ar treaspás a ṫárla an ionsaí.